Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Gníomhaíocht 5.1



## Cártaí rólghlactha – Róil don Rólghlacadh i Seó an Iarnóin

**Sammy Smiles – Láithreoir Seó an Iarnóin**

Fáilte isteach chuig Seó an Iarnóin. Le fíordhéanaí bheartaigh cuideachtaí na Meán Sóisialta ar fud an domhain obair i gcomhar lena chéile chun srian a chur leis an rochtain a bhíonn ag daoine óga ar na meáin shóisialta. Ar an seó inniu táimid tar éis roinnt daoine spéisiula a thabhairt le chéile a bhfuil spéis acu sa rochtain a bhíonn ag daoine óga ar na meáin shóisialta chun a dtuairimí a chloisteáil ina leith. Seo a leanas na daoine ar ár bpainéal:

- Tom Tone, Cathaoirleach ar Social Time – an líonra meán sóisialta is mó ar domhan
- Rick Rodgers, Grúpa Tacaíochta don Aos Óg
- Mary Maloney – Cumann Tuismitheoirí Éireann
- June Jones – Blagálaí agus tráchtaire sna meáin shóisialta

Chomh maith leis sin, tá daoine againn sa lucht éisteachta a bhfuil tuairimí acu ar mhaith leo iad a chur in iúl. Tosóimid leis na daoine anseo ar an bpainéal.

**Tom Tone – Ceannasaí SocialTime – an líonra meán sóisialta is mó ar domhan**

Níor chóir go mbeadh rochtain ag leanaí ar na meáin shóisialta. Tá rialacha dochta a bhaineann le fógraíocht a chur faoi bhráid leanaí ar an teilifís agus ba mhaith linn a bheith cinnte go bhfuil na rialacha sin i bhfeidhm sna líonraí meán sóisialta freisin. Dá bhrí sin, bheartaíomar go mbeidh teorainn aoise ann d'úsáid gach meán sóisialta agus gurb é 16 bliana d'aois an íosteorainn aoise.

**Rick Rodgers – Grúpa Tacaíochta don Aos Óg**

Tá tuiscint i bhfad níos fearr ag daoine óga ar theicneolaíocht ná mar atá ag a dtuismitheoirí. Bhí meáin shóisialta in úsáid acu ar feadh na mblianta agus tuigeann siad go maith na húsáidí is féidir a bhaint as na meáin shóisialta agus na buntáistí a bhaineann leo. Tuigeann siad freisin go mbíonn leathanaigh ghréasáin ag cuideachtaí chomh maith le daoine. Is é seo an bealach ina léann siad agus ina bhfaigheann siad a gcuid eolais. Is é seo an bealach a labhraíonn siad lena gcairde.

**Mary Maloney – Cumann Tuismitheoirí Éireann**

Is cúis mhór áthais dúinn é nach bhfuil rochtain ag leanaí a thuilleadh ar na meáin shóisialta. Caitheann siad i bhfad an iomarca ama gafa lena bhfóin phóca nuair ba chóir dóibh a bheith ag súgradh lasmuigh. Feiceann siad an iliomad rudaí ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta agus ansin bíonn siad ag tathant orainn, na tuismitheoirí, na nithe sin a cheannach dóibh.

**June Jones – Blagálaí agus Tráchtaire sna meáin shóisialta**

Is daoine faoi bhun aois 20 iad roinnt d'úsáideoirí is cruthaithí na meán sóisialta. Má chuirimid cosc nó srian le daoine óga ar na meáin shóisialta a úsáid, beidh na meáin shóisialta á gcoinneáil siar againn agus ní bheidh siad in ann fás agus forbairt mar a rinne siad le tuairim is 15 bliana anuas.

**Barry Byrne – úinéir "Technology This" an siopa teicneolaíochta is mó in Éirinn**

Ba chóir go mbeadh cead ag leanaí fóin a bheith acu. Bíonn siad de shíor ag briseadh na bhfón agus bíonn orthu fóin nua a cheannach uaimse. Tá sé ar fheabhas don ghnó! Tacaímse le leanaí a bheith ag úsáid na meán sóisialta agus a bhfóin a bhriseadh chomh minic agus is féidir é!

**Cathy Conroy – Ón ngrúpa 'Cosain ár Leanaí ar Theicneolaíocht'**

Tá an teicneolaíocht ar an rud is measa a tharla riamh do leanaí. Caitheann leanaí formhór a gcuid ama ar na fóin, ní léann siad leabhair a thuilleadh agus ní théann siad amach ag súgradh. Is cúis áthais dom é nach bhfuil rochtain ag leanaí a thuilleadh ar na meáin shóisialta. Tá sé i bhfad níos fearr go mairfidís san fhíorshaol le fíordhaoine. Níl na meáin shóisialta sláintiúil do dhaoine óga.

# Gníomhaíocht 5.1



## Cártaí rólghlactha – Róil don Rólghlacadh i Seó an Iarnóin

**Dan Doyle – cruthaitheoir The Kids App agus an duine 16 bliana d'aois is saibhre in Éirinn**

Is iad leanaí todhchaí na teicneolaíochta. Chruthaigh mé m'aip fhéin nuair a bhí mé 12 bhliain d'aois. Ní thuigeann ach leanaí eile conas mar a theastaíonn ó leanaí an teicneolaíocht a úsáid. Cuidíonn na meáin shóisialta linn fanacht i dteagmháil lena chéile. Má chuirimid srian ar dhaoine óga ó mheáin shóisialta a úsáid ní hamháin go bhfulimid ag rá go bhfuil siad dúr, ach beidh srian á cur freisin ar a dtuiscint ar an teicneolaíocht. Tá leanaí cliste. Ná coinnigh siar iad.

**Amy Andrews - Úinéir "SmileCam" ceann de na líonraí meán sóisialta is mó éileamh ar domhan**

Mar úinéirí ar chuideachtaí meán sóisialta táimid buartha go mbíonn an-iomarca eolais á nochtadh do leanaí chomh maith le hábhar nach bhfuil oiriúnach ar chor ar bith. Tá sé de fhreagracht orainn an Chéad Ghlúin Eile a chosaint mar go mb'fhéidir nach mbeidh siad in ann iad féin a chosaint.

**Gena Goolden – láithreoir an tseó Fun Time Kids**

Bímid de shíor ag fáil teachtaireachtaí ó leanaí ag ár seó teilifíse. Bíonn a lán leanaí ag rá leo nach maith leo an seó mar go bhfuil sé rópháistiúil. De réir mar a nochtar leanaí do níos mó is níos mó ábhair do dhaoine fásta ar na meáin shóisialta, táimid den tuairim go bhfásfaidh siad aníos róthapa.

**Kyle Kander – láithreoir Kids Learning Show**

Bíonn leanaí ag foghlaim ó na meáin shóisialta. Foghlaimíonn siad freisin ón Idirlíon. Má theastaíonn ó leanaí rud éigin a bheith ar eolas acu ní gá dóibh ach dul ar líne agus foghlaim ina thaobh. Tá sé seo ag cuidiú le leanaí a bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha. Is féidir leo cinneadh a dhéanamh cad a theastaíonn uathu a fhoghlaim seachas a bheith ag fanacht ar dhuine éigin é a mhúineadh dóibh.

**William Wonder – Grúpa Náisiúnta Múinteoirí**

Níl tuiscint ag leanaí ar an gcaoi a n-oibríonn fógraíocht ar na meáin shóisialta. Ní thuigeann siad go n-oibríonn na scéalta agus na leathanaigh ar na meáin shóisialta ar an gcaoi chéanna is a oibríonn fógraíocht. Ní thuigeann siad go bhfuil cuideachtaí na meán sóisialta ag iarraidh rudaí a dhíol leo trí chomórtais a reáchtáil, tairiscintí speisialta a dhéanamh agus daoine cáiliúla a thaispeáint ag úsáid a dtáirgí.

**Zoë Zanders – An Grúpa Múinteoirí ar son na Teicneolaíochta**

Tá an-chuid á fhoghlaim ag leanaí ón teicneolaíocht. Baineann leanaí úsáid chomh nádúrtha as an teicneolaíocht agus bíonn siad ábalta an fhaisnéis a úsáid ar féidir leo rochtain a fháil uirthi ar líne chun cur lena gcuid foghlama féin. Tá gnéithe diúltacha ag baint le húsáid na teicneolaíochta ag leanaí ach táimid den tuairim gur mó na buntáistí ná na míbhuntáistí.

**JacksToysReview – réalta 6 bliana d'aois ar VideoTube**

Is breá le leanaí bréagáin. Sin an chúis gur breá leo breathnú orm féin agus ar mo Dhaidí ag imirt ar na bréagáin iontacha seo. Faighim an-chuid bréagán saor in aisce agus bím in ann a thaispeáint do na leanaí eile go léir conas a imrím leo. Bainim an-sult as. Tá sé an-spraíúil.

Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Gníomhaíocht 5.1



## Cártaí rólghlactha – Róil don Rólghlacadh i Seó an Iarnóin

**Eddie Egmondson – LGBTI Éireann, pobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach mhuintir óg na tíre**

Bíonn a lán daoine óga atá leispiach, aerach, déghnéasach/trasinscneach nach féidir leo aon fhaisnéis nó aon tacaíocht a fháil ina bpobail bhaile, agus bíonn siad ag brath ar na meáin shóisialta chun daoine a aimsiú atá cosúil leo féin. Mura mbeadh rochtain acu ar na meáin shóisialta, mhothóidís ina n-aonar tráth dá saol ina bhfuil géarghá acu le tacaíocht, cineáltas agus tuiscint. Bíonn gá ag daoine óga LGBTI le rochtain ar an tacaíocht sin ionas gur féidir leo a bhféinmhuinín a fhorbairt agus cúnamh a lorg óna dteaghlach agus óna gcairde.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin bpobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach is féidir úsáid a bhaint as an acmhainn do Bhunscoileanna atá ar fáil ag - http://www.belongto.org

**Nicola Nagle - Tech Kids**

Cé go gceapaimid gur rud iontach ar fad í an teicneolaíocht, an fhadhb ná go mbíonn leanaí nochta don iliomad íomhá do dhaoine fásta ar an Idirlíon, íomhánna nár chóir dóibh a fheiceáil. Ní dóigh liom gur réiteach ar an scéal é cosc a chur ar leanaí na meáin shóisialta a úsáid, ach iad a spreagadh chun úsáid níos sábháilte a bhaint astu trína thaispeáint dóibh conas na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach sábháilte.

**Kevin Kanga – Cumas Éireann – Cumais Éagsúla a Chur Chun Cinn**

Is féidir le daoine le cumais éagsúla na meáin shóisialta a úsáid chun dul i dteagmháil lena chéile agus bualadh le daoine eile i gcathaoireacha rothaí, daoine eile le deacrachtaí foghlama, nó daoine i ngrúpaí tacaíochta eile do dhaoine a bhfuil cumais éagsúla acu. Má shéantar an rochtain ar mheáin shóisialta ar na daoine sin cuirfear srian leis an tacaíocht atá ar fáil dóibh, agus d'fhéadfadh sé sin iad a aonrú agus a imeallú, go háirithe daoine nach bhfuil aon fhéidearthacht shóisialta eile acu nó daoine nach féidir leo an baile a fhágáil go neamhspleách.

**Avril Walsh – Sláinte Éireann**

Tháinig méadú as cuimse ar chomh ramhar is atá daoine le blianta beaga anuas, agus measaimid go raibh tionchar mór ar leanaí ag na nithe atá feicthe acu ar na meáin shóisialta. Tuigimid go spriocdhíríonn cuideachtaí mearbhia ar leanaí ag úsáid físeáin spraíúla, comórtais agus tairiscintí speisialta. Roinneann siad na físeáin sin lena gcairde. Cé go n-admhaímid go bhfuil a lán gnéithe dearfacha ag baint leis an teicneolaíocht, tuigimid freisin go bhfuil an fhógraíocht sin ag imirt tionchair ar na cinntí a dhéanann leanaí. Tuigimid go spreagann sé iad sólaistí a ithe rómhinic. Ní thuigeann siad go bhfuil na cuideachtaí sin ag 'díol' a dtairgí leo.

**Frances Ford – Réalta Scannán**

Tá na meáin shóisialta go hiontach ar fad mar gur féidir le mo lucht leanúna mé a leanúint ar líne. Is breá liom mo ghrianghraif agus mo shaol a roinnt leo ar líne. Cuirim a lán grianghraf díom féin in airde gach lá, ag léiriú cad atá á chaitheamh agam, cad atá á ithe agam agus na háiteanna a dtéim. Tá saol iontach agam agus is breá liom é sin a roinnt leis na milliún leantóir atá agam. Is daoine óga a lán den lucht leanúna sin agus bheadh brón orm mura bhfeicfidís mo ghrianghraif gach lá.

**Vienna Vans – Réalta nua cheoil**

Is ar na meáin shóisialta a thapaigh mé mo chéad deis. Thosaigh mé ag taifeadadh roinnt de m'amhráin agus chuir mé iad in airde ar na meáin shóisialta Tá formhór na ndaoine ar maith leo mo chuid amhrán faoi bhun aois 16 agus is iadsan a chuidíonn liom a bheith cáiliúil. Dar liomsa, má chuireann tú cosc ar dhaoine óga na meáin shóisialta a úsáid cuirfidh tú cosc ar dhaoine óga a bhfuil buanna acu ó roinnt leis na daoine óga seo freisin.